Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 36

# Cosaint

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d’ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, ar phá agus costais Óglaigh na hÉireann, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €9.948 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na prionsabail chaighdeánacha le haghaidh cuntais leithreasa a ullmhú, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2022, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Luacháil fardail***

Déantar fardail mhíleata a luacháil ar a meánchostas agus cuimsíonn siad nithe áirithe atá athchóirithe. Déantar fardail Chosanta Sibhialta a luacháil ar an bpraghas ceannaigh.

***Sócmhainní caipitil***

Méadaíodh an tairseach chun breiseanna sócmhainní caipitil a chur ar áireamh do ranna agus oifigí rialtais sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil aníos go dtí €10,000 i gcás sócmhainn aonair le héifeacht ón 1 Eanáir 2021. Ón dáta sin i leith, leanann an Roinn Cosanta le breiseanna a chur i dtaifead i sócmhainní caipitil ar luachanna aonair níos lú ná €10,000.

Ní luacháiltear talamh agus foirgnimh agus ní chuirtear ar áireamh iad i sócmhainní caipitil (nóta 2.1). Taispeántar sceideal talún agus foirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta in aguisín A. Úsáidtear iad sin ar mhaithe le cuspóirí Óglaigh na hÉireann agus áirítear réadmhaoine uathúla agus tiomnaithe leo.

Déantar íocaíochtaí faoi chláir áirithe chun trealamh Óglaigh na hÉireann a fhorbairt, lena n-áirítear aerárthaí a cheannach agus iompróirí armúrtha pearsanra a athchóiriú, a thaifeadadh mar réamhíocaíochtaí go dtí go dtugtar chun úsáide iad, agus déantar iad a thaifeadadh mar shócmhainní caipitil an uair sin.

***Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt***

Tá íocaíochtaí maidir le forbairt talún agus foirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta ar áireamh mar chuid de nóta 2.2 – sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Nuair a chuirtear tionscadail den sórt sin i gcrích, baintear as sócmhainní caipitil atá á bhforbairt iad. Ní dhéantar aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc nach bhfuil talamh agus foirgnimh ar áireamh i sócmhainní caipitil, ag teacht leis an bpolasaí atá luaite thuas.

***Dímheas***

Déantar dímheas ar shócmhainní míleata agus ar mhótarfheithiclí Cosanta Sibhialta anuas chuig luachanna iarmharacha ar rátaí éagsúla idir 3% agus 20% in aghaidh na bliana agus úsáid á baint as modh an mhéid chothroim.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe cuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann, a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách aige, chun comhairle a thabhairt dom i gcomhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina dtugtar feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra cuí-oilte, a oibríonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Feidhmíonn an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí go neamhspleách agus tá a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, arna bhfaomhadh agam, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go n-áirithíonn an Roinn go bhfuiltear ag díriú go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú maidir leis na treoirlínte ábhartha uile.

Tá mionsonraí curtha ar fáil ag an Roinn maidir le 138 gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i leith chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas trí chonradh (de bhreis ar €25,000) arbh ionann iad agus €213,489 san iomlán (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos.

- Bhain €44,860 le híocaíochtaí le soláthraí amháin i gcás go ndeachaigh an conradh thar a théarma bunaidh
- Bhain €168,629 le híocaíochtaí le dhá sholáthraí i gcás nach raibh aon chonradh foirmiúil i bhfeidhm.

Rinne an Roinn athbhreithniú ar gach ceann de na trí sholáthar sin, agus táthar ag dul i mbun beart chun go gcomhlíonfaidh gach ceann de na conarthaí sin na rialacha iomchuí soláthair a thapúla agus is féidir.

Áiríodh na conarthaí thuas sa tuairisceán bliantúil faoi chiorclán 40/2002 dá dtagraítear thuas.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as oibriú rialuithe do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomhaíocht cheartaitheach agus don lucht ardbhainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a dhéanann an Roinn curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2022 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Jacqui McCrum**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

31 Márta 2023

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 36 Cosaint

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Cosaint agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Bainistíocht stoic in Óglaigh na hÉireann***

Déanann Caibidil 12 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí don bhliain 2022 athbhreithniú ar leordhóthanacht na rialuithe atá i bhfeidhm chun stoic atá i seilbh Óglaigh na hÉireann a bhainistiú, a luacháil agus cuntas ceart a thabhairt orthu.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 36 Cosaint

# Cuntas Leithreasa 2022

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Beartas agus tacaíocht cosanta, cumais mhíleata agus aschuir oibríochtúla | 836,431 | 835,922 | 786,405 |
| **Ollchaiteachas** | | **836,431** | **835,922** | **786,405** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **24,220** | **33,659** | **30,457** |
| **Glanchaiteachas** | | **812,211** | **802,263** | **755,948** |

**Barrachas**

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **9,948,066** | **29,513,137** |

**Jacqui McCrum**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

31 Márta 2023

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 804,808 | 758,570 |
| Riarachán - pá | | 22,069 | 20,905 |
| Riarachán - neamhphá | | 9,045 | 6,930 |
| **Ollchaiteachas** | | **835,922** | **786,405** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **33,659** | **30,457** |
| **Glanchaiteachas** | | **802,263** | **755,948** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (117,651) | | |
| Dímheas | 63,077 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1,995 | | |
| Diúscairtí airgid thirim | 119 | (52,460) | (42,662) |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (18,968) | (16,051) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (2,781) | | |
| Méadú ar fhardail | (20,926) | (23,707) | (21,582) |
| **Caiteachas díreach** | | **707,128** | **675,653** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | 12,729 | | |
| Measchíosanna | 1,339 | | |
| | | 14,068 | 14,327 |
| **Glanchostas an chláir** | | **721,196** | **689,980** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 36 a iompraíodh in áit eile, glan ar chaiteachas a tabhaíodh i leith vótaí eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | (486) | (448) |
| Vóta 2 | Roinn an Taoisigh | (86) | (88) |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 44 | 24 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 12,915 | 13,094 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 600 | 579 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 929 | 1,018 |
| Vóta 35 | Arm-Phinsin | (1,787) | (1,728) |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 460 | 404 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 140 | 133 |
| | | **12,729** | **12,988** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 564,970 | 583,534 |
| Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | 2.2 | 5,952 | 11,032 |
| | | **570,922** | **594,566** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 19,562 | 27,467 |
| Fardail | 2.4 | 254,969 | 234,043 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 274,819 | 200,656 |
| Ioncam fabhraithe | 2.6 | 4,041 | 3,305 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 1,351 | 512 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **554,742** | **465,983** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | 2.8 | 5,392 | 4,306 |
| Ioncam iarchurtha | 2.9 | 48 | 40 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.10 | 15,726 | 10,464 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.11 | 5,187 | 17,515 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **26,353** | **32,325** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 528,389 | 433,658 |
| **Glansócmhainní** | | **1,099,311** | **1,028,224** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.12 | **1,099,311** | **1,028,224** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh míleata | Trealamh Cosanta Sibhialta | Troscán oifige agus trealamh TF | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní (costas nó luacháil)** | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2022 | 1,327,183 | 4,751 | 55,003 | 1,386,937 |
| Breiseanna | 43,138 | 129 | 3,360 | 46,627 |
| Diúscairtí | (15,151) | (158) | (2,536) | (17,845) |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 1,355,170 | 4,722 | 55,827 | 1,415,719 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2022 | 754,648 | 2,797 | 45,958 | 803,403 |
| Dímheas don bhliain | 59,507 | 339 | 3,231 | 63,077 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (13,214) | (124) | (2,393) | (15,731) |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 800,941 | 3,012 | 46,796 | 850,749 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022 [a]** | **554,229** | **1,710** | **9,031** | **564,970** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 572,535 | 1,954 | 9,045 | 583,534 |

Nóta [a] Riarann an Roinn Cosanta gabháltais talún (thart ar 8,300 heicteár) agus foirgnimh in go leor áiteanna ar fud na tíre, ar meascán é de shaoráidí míleata oibríochtúla, de thailte traenála, de cheathrúna pósta agus de réadmhaoin eile, mar atá leagtha amach in Aguisín A – Sceideal talún agus foirgneamh.

## 2.2 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

| | Conarthaí foirgníochta |
|---|---|
| | €000 |
| Suimeanna a tugadh ar aghaidh ag an 1 Eanáir 2022 | 11,032 |
| Íocaíochtaí airgid thirim sa bhliain | 18,968 |
| Tionscadail a críochnaíodh [a] | (24,048) |
| Suimeanna a tugadh ar aghaidh ag an 31 Nollaig 2022 | **5,952** |

Nóta [a] Nuair a chuirtear tionscadail chun talamh agus foirgnimh a fhorbairt i gcrích, baintear as sócmhainní caipitil atá á bhforbairt iad. Ní dhéantar aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc nach bhfuil talamh agus foirgnimh ar áireamh i sócmhainní caipitil.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | 18,083 | 26,364 |
| Iarmhéideanna eile cuntais bainc agus airgid | 1,479 | 1,103 |
| | **19,562** | **27,467** |

**Cuntais bhainc neamh-Vóta**

Tá 13 chuntas bainc eile á mbainistiú ag pearsanra Óglaigh na hÉireann chun an córas béilí ócáideacha a riar i mbeairic. Ní eisítear aon mhaoiniú ón Vóta chuig na cuntais bhainc sin. Ba í €28,306 an tsuim a coinníodh ag deireadh 2022 (2021: €22,795). Ní áirítear an t-iarmhéid sin sa tsuim maidir le 'banc agus airgead tirim' a thaispeántar thuas.

## 2.4 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Fardail mhíleata [a] | 254,083 | 232,907 |
| Cosaint Shibhialta | 886 | 1,051 |
| Stáiseanóireacht [b] | — | 15 |
| Earraí inchaite TF [b] | — | 70 |
| | **254,969** | **234,043** |

Nóta [a] B'ionann nithe a díscríobhadh agus fardal míleata atá imithe i léig sa bhliain agus €2.259 milliún.

[b] Ó 2022 ar aghaidh, caitear stáiseanóireacht agus earraí inchaite TF mar speansas nuair a cheannaítear iad i gcomhréir le ceanglais chiorclán 22 de 2022 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Aerárthaí patróil muirí | 185,109 | 162,340 |
| Aerárthaí iompair mhíleata | 27,206 | — |
| Soithí patróil cois cladaigh | 18,593 | — |
| Cothabháil agus oiliúint aerárthaí | 7,277 | 7,277 |
| Nuachóiriú na príomh-armála | 6,101 | 6,156 |
| Athfheistiú lár saoil LÉ Niamh | 5,878 | 3,587 |
| Clár cothabhála agus uasghrádaithe an fhlít iompartha pearsanra armúrtha | 4,344 | 6,103 |
| Feithiclí iompartha trúpaí | 3,700 | 3,700 |
| Eile | 16,611 | 11,493 |
| | **274,819** | **200,656** |

## 2.6 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Maoiniú trúpaí/trealaimh atá dlite ó mhisin thar lear | 3,500 | 3,200 |
| Dlite le haghaidh seirbhísí | 541 | 105 |
| | **4,041** | **3,305** |

## 2.7 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Párolla | 6 | — |
| Óinchistí | 354 | 291 |
| An Scéim um rothaíocht chun na hoibre | 240 | 168 |
| An Scéim pas taistil | 38 | — |
| Míreanna eile ar fionraí | 713 | 53 |
| | **1,351** | **512** |

## 2.8 Costais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhruithe cláir – reatha | 2,060 | 2,237 |
| Fabhruithe cláir – caipiteal | 3,146 | 1,833 |
| Costais riaracháin | 186 | 236 |
| | **5,392** | **4,306** |

## 2.9 Géilleadh iarchurtha

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Ioncam cíosa | 48 | 40 |
| | **48** | **40** |

## 2.10 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 4 | 4 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | (1) | 15 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 406 | 366 |
| Cáin bhreisluacha | 14,092 | 9,642 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 15 | (5) |
| Muirear sóisialach uilíoch | 1 | 1 |
| Cáin conarthaí iomchuí | 64 | 143 |
| | 14,581 | 10,166 |
| Asbhaintí párolla á gcoimeád ar fionraí | 5 | 8 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 1,140 | 290 |
| | **15,726** | **10,464** |

## 2.11 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 9,948 | 29,513 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (4,761) | (11,998) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **5,187** | **17,515** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 19,562 | 27,467 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,351 | 512 |
| | 20,913 | 27,979 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (14,581) | (10,166) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (1,145) | (298) |
| | (15,726) | (10,464) |
| | **5,187** | **17,515** |

## 2.12 Cuntas maoinithe stáit

| | **Nóta** | | **2022** | **2021** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 1,028,224 | 959,608 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 812,211 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (9,948) | | |
| Glanvóta | | | 802,263 | 755,948 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 12,729 | 12,988 |
| Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt agus a cuireadh i gcrích sa bhliain | 2.2 | | (24,048) | (11,679) |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | | 1,339 | 1,339 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (721,196) | (689,980) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **1,099,311** | **1,028,224** |

## 2.13 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais is in-fhorfheidhmithe le dlí** ag an 31 Nollaig | **2022** €000 | **2021** €000 |
|---|---|---|
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 6,271 | 9,282 |
| Tionscadail chaipitil | 191,632 | 141,405 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **197,903** | **150,687** |

**b) Mórthionscadail chaipitil**

| | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021** €000 | **Caiteachas in 2022** €000 | **Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin** €000 | **Caiteach as ionchais iomlán thar shaolré an tionscad ail 2022** €000 | **Caiteach as ionchais iomlán thar shaolré an tionscad ail 2021** €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Clár cothabhála agus uasghrádaithe d'iompróirí pearsanra armúrtha | 83,741 | 7,584 | 6,804 | 98,129 | 95,000[a] |
| Athfheistiú lár saoil LÉ Róisín | 12,107 | 212 | — | 12,319 | 12,300 |
| Athfheistiú lár saoil LÉ Niamh | 5,611 | 4,515 | 2,174 | 12,300 | 12,300 |
| Aerárthaí patróil muirí | 162,340 | 22,769 | 43,190 | 228,299 | 228,299 |
| Athsholáthar an fhlít 4x4 ¾ tonna (FFR) | 13,108 | 6,072 | — | 19,180 | 18,178[b] |
| Feithiclí iompartha trúpaí | 15,045 | — | 9,555 | 24,600 | 24,600 |
| Timpeallacht Oibre na Chéad Ghlúine Eile (NGWE) | — | 609 | 18,891 | 19,500 | — |
| Aerárthaí iompair mhíleata | — | 27,206 | 40,809 | 68,015 | — |
| Soithí patróil cois cladaigh | — | 18,593 | 22,426 | 41,019 | — |
| Uasghrádú iarbhloc USAC | — | 417 | 9,612 | 10,029 | — |
| Iomlán | **291,952** | **87,977** | **153,461** | **533,390** | **390,677** |

Nóta [a] Is é is cúis leis an méadú €3.129 milliún ná brúnna boilscitheacha ar athruithe ar chonarthaí le haghaidh feithiclí a seachadadh in 2022 agus na costais réamh-mheasta ar na feithiclí atá fágtha.

[b] Is é is cúis leis an méadú €1.002 milliún ná sonraíochtaí breise trealaimh agus méadú comhaontaithe ar chostais.

## 2.14 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana | 122 | 389 |

## 2.15 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn bainteach le roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Ní cinnte suim iarbhír ná uainiú iarbhír aon dliteanas féideartha.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar áireamh i gClár A chun costais iomlána cláir a chur i láthair.

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 22,500 | 22,069 | 20,905 |
| ii | Taisteal agus cothú | 650 | 726 | 443 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha | 500 | 558 | 388 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 575 | 438 | 462 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 4,660 | 6,181 | 4,368 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,865 | 910 | 1,193 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 500 | 232 | 76 |
| | | **31,250** | **31,114** | **27,835** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin €4.66 milliún; toradh €6.181 milliún*

Tharla an róchaiteachas €1.521 milliún mar gheall ar roinnt caiteachais a thabhairt anonn ó 2021 mar gheall ar mhoilleanna ar sheachadadh trealaimh TFC agus caiteachas níos airde ar cheadúnais bogearraí.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €1.865 milliún; toradh €910,000*

Ba mar gheall ar iarchur roinnt tionscadal cothabhála den chuid is mó a bhí an t-easnamh de €955,000.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais**

*Soláthar meastacháin €500,000; toradh €232,000*

Tharla an gannchaitheamh €268,000 i ngeall ar roinnt tionscadal nach raibh ag dul ar aghaidh de réir mar a bhíothas ag súil leis agus nár tháinig íocaíocht a rabhthas ag súil léi chun cinn freisin mar go bhfuil síneadh curtha leis an tionscadal go 2023.

## Clár A Beartais agus tacaíocht cosanta, cumais mhíleata agus aschuir oibríochtúla

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 22,500 | 22,069 | 20,905 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | 8,750 | 9,045 | 6,930 |
| A.3 | Buan-Óglaigh na hÉireann: pá | 455,500 | 429,017 | 419,471 |
| A.4 | Buan-Óglaigh na hÉireann: liúntais | 48,000 | 48,686 | 51,990 |
| A.5 | Óglaigh Chúltaca na hÉireann: pá, etc. | 2,000 | 1,924 | 1,830 |
| A.6 | Séiplínigh agus sagairt cheiliúrtha: pá agus liúntais | 1,250 | 1,086 | 1,098 |
| A.7 | Tacaíocht shibhialtach Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, etc. | 23,500 | 21,085 | 20,583 |
| A.8 | Óglaigh na hÉireann: forbairt cumais | 91,000 | 117,482 | 91,307 |
| A.9 | An tAerchór: trealamh agus tacaíocht | 19,470 | 25,689 | 26,776 |
| A.10 | Iompar míleata | 21,790 | 21,323 | 23,483 |
| A.11 | An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus tacaíocht | 13,500 | 18,237 | 16,600 |
| A.12 | Costais beairicí agus trealamh innealtóireachta | 15,650 | 19,840 | 15,269 |
| A.13 | Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil | 45,000 | 29,078 | 24,938 |
| A.14 | Éidí, éadach, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann | 14,500 | 14,471 | 14,729 |
| A.15 | Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann | 13,940 | 17,228 | 16,688 |
| A.16 | Oideachas míleata agus oiliúint mhíleata | 3,050 | 2,679 | 2,564 |
| A.17 | Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann | 3,500 | 5,378 | 2,470 |
| A.18 | Tacaíocht leighis agus cúram sláinte Óglaigh na hÉireann | 7,130 | 7,427 | 7,569 |
| A.19 | Tailte | 786 | 797 | 629 |
| A.20 | Eachaíocht | 1,000 | 1,122 | 1,195 |
| A.21 | Costais dlíthíochta agus chúitimh | 7,500 | 6,153 | 5,557 |
| A.22 | Caiteachas ilghnéitheach | 4,000 | 5,770 | 5,132 |
| A.23 | Costais a eascraíonn go díreach as rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta AE | 7,000 | 4,094 | 2,873 |
| A.24 | Cosaint Shibhialta (lena n-áirítear ciste na gcuntas díomhaoin) | 5,140 | 5,267 | 4,844 |
| A.25 | Cumann Croise Deirge na hÉireann | 975 | 975 | 975 |
| | | **836,431** | **835,922** | **786,405** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ina iomláine, bhí an t-ollchaiteachas €509,000 níos lú ná an meastachán.

**A.3 Buan-Óglaigh na hÉireann: pá**

*Soláthar meastacháin €455.5 milliún; toradh €429.017 milliún*

B'ísle an gannchaitheamh €26.483 milliún ná mar a bhíothas ag súil leis in 2022, rud a d'fhág gur lú an líon pearsanra a bhí ag fónamh sna Buan-Óglaigh ná mar a bhíothas ag súil leis.

**A.6 Séiplínigh agus sagairt cheiliúrtha: pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin €1.25 milliún; toradh €1.086 milliún*

Ba é ba chúis leis an ngannchaitheamh €164,000 ná earcú séiplíneach in 2022 a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

**A.7 Tacaíocht shibhialtach Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, etc.**

*Soláthar meastacháin €23.5 milliún; toradh €21.085 milliún*

Ba é ba chúis leis an ngannchaitheamh €2.415 milliún ná líon na bhfostaithe ba shibhialtaigh a bheith níos lú ná mar a soláthraíodh sa mheastachán, an earcaíocht a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis agus an líon comhaltaí a chuaigh ar scor a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

**A.8 Óglaigh na hÉireann: forbairt cumais**

*Soláthar meastacháin €91 mhilliún; toradh €117.482 milliún*

Bhí an róchaitheamh €26.482 milliún ann go príomha mar gheall ar éarlais le haghaidh aerárthach iompair mhíleata. Chomh maith leis sin, seachadadh líon níos mó conarthaí armlóin ná mar a bhíothas ag súil leo in 2022.

**A.9 An tAerchór: trealamh agus tacaíocht**

*Soláthar meastacháin €19.47 milliún; toradh €25.689 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaiteachas €6.219 milliún ná costais chothabhála aerárthaí seachtracha níos airde agus méadú ar chostais oiliúna speisialaithe.

**A.11 An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus tacaíocht**

*Soláthar meastacháin €13.5 milliún; toradh €18.237 milliún*

Ba é méadú ar phraghsanna breosla agus soláthar páirteanna breise agus seirbhísí cothabhála ba chúis leis an róchaitheamh €4.737 milliún den chuid is mó.

**A.12 Costais beairicí agus trealamh innealtóireachta**

*Soláthar meastacháin €15.65 milliún; toradh €19.84 milliún*

Ba é soláthar trealaimh seirbhíse innealtóireachta agus beairice breise ba chúis leis an róchaitheamh €4.19 milliún.

**A.13 Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil**

*Soláthar meastacháin €45 mhilliún; toradh €29.078 milliún*

Tharla an ganncaitheamh €15.922 milliún mar gheall ar mhoilleanna sa phróiseas soláthair don chlár caipitil mar aon le fadhbanna slabhra soláthair.

**A.15 Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €13.94 milliún; toradh €17.228 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh €3.288 milliún den chuid is mó ná an gá le trealamh riachtanach teileachumarsáide a sholáthar.

**A.16 Oideachas agus oiliúint mhíleata**

*Soláthar meastacháin €3.05 milliún; toradh €2.679 milliún*

Tharla an ganncaitheamh €371,000 mar gheall ar mhoilleanna ar threalamh oiliúna a sholáthar den chuid is mó.

**A.17 Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €3.5 milliún; toradh €5.378 milliún*

Ba é an méadú ar chostais taistil agus lasta a bhaineann le hoibríochtaí thar lear in UNIFIL agus UNDOF ba chúis leis an róchaitheamh €1.878 milliún den chuid is mó.

**A.20 Eachaíocht**

*Soláthar meastacháin €1 mhilliún; toradh €1.122 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh €122,000 den chuid is mó ná méadú ar chothabháil na gcapall i Scoil Eachaíochta an Airm. Bhí méadú beag ann ar na marcaigh a bhí san iomaíocht ag seónna idirnáisiúnta freisin.

**A.21 Costais dlíthíochta agus chúitimh**

*Soláthar meastacháin €7.5 milliún; toradh €6.153 milliún*

Tháinig an ganncaitheamh €1.347 milliún chun cinn toisc go bhfuil sé deacair an caiteachas sin a thuar toisc go bhfuil sé faoi réir roinnt athróg nach féidir a thuar, lena n-áirítear uainiú éisteachtaí cúirte, dul chun cinn na gcásanna, agus líon, agus luach agus uainiú na ndámhachtainí agus na socraíochtaí.

**A.22 Caiteachas ilghnéitheach**

*Soláthar meastacháin €4 mhilliún; toradh €5.77 milliún*

Ba mar gheall ar chostais a bhain leis an nGrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách agus costais fógraíochta bhreise a bhaineann leis na feachtais earcaíochta míleata go príomha a bhí an róchaitheamh €1.77 milliún.

**A.23 Costais a eascraíonn go díreach as rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta AE**

*Soláthar meastacháin €7 milliún; toradh €4.094 milliún*

Ba é ba chúis leis an ngannchaitheamh €2.906 milliún den chuid is mó ná gur cuireadh pleananna ar athló chun tionscadal athbhunaithe a chur i gcrích i Mailí mar gheall ar an staid slándála.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe i leith liúntas thar lear, etc. | 8,113 | 14,026 | 12,769 |
| 2 | Fáltais ó AE maidir le costais cosanta iascaigh | — | — | — |
| 3 | Fáltais ó bhainc agus ó eagraíochtaí eile | 1,300 | 1,360 | 1,364 |
| 4 | Fáltais ó áitiú ceathrúna oifigiúla | 90 | 174 | 160 |
| 5 | Fáltais ó chiondálacha ar aisíocaíocht | 450 | 877 | 623 |
| 6 | Fáltais ó eisiúintí eile ar aisíocaíocht | 20 | 21 | 24 |
| 7 | Fáltais le haghaidh breosla eitlíochta | 40 | 1 | 13 |
| 8 | Fáltais ar chur i gcrích de réir ceannacháin | 50 | 154 | 129 |
| 9 | Tailte agus áitribh | | | |
| | (a) cíosanna, etc. | 462 | 473 | 443 |
| | (b) díolacháin | 200 | 300 | — |
| 10 | Stórtha barrachais a dhíol | 100 | 203 | 395 |
| 11 | Aisíocaíochtaí i leith seirbhísí pearsanra ar iasacht | 50 | 182 | 168 |
| 12 | Ilchineálach | 300 | 869 | 440 |
| 13 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 12,295 | 14,036 | 12,986 |
| 14 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | 750 | 983 | 943 |
| | **Iomlán** | **24,220** | **33,659** | **30,457** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €9.439 milliún ní ba mhó ná an meastachán.

**1 Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe i leith liúntas thar lear, etc.**

*Meastachán €8.113 milliún; réadaithe €14.026 milliún*

Bhí an barrachas €5.913 milliún ann mar gheall ar fháltais ó na Náisiúin Aontaithe a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis i ndáil le costais trúpaí agus trealaimh. Is deacair uainiú na bhfáltas ó na Náisiúin Aontaithe a thuar. Féach nóta 6.1.

**5 Fáltais ó chiondálacha ar aisíocaíocht**

*Meastachán €450,000; réadaithe €877,000*

Tharla an barrachas €427,000 mar thoradh ar aisíocaíocht ciondálacha a bheith níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis.

**8 Fáltais ar chur i gcrích de réir cheannacháin**

*Meastachán €50,000; réadaithe €154,000*

Ba é ba chúis leis an mbarrachas €104,000 ná an líon comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a d'éirigh as le linn fhad a gconartha seirbhíse a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

**9 Talamh agus áitribh**

*Meastachán €662,000; réadaithe €773,000*

Ba é ba chúis leis an mbarrachas €111,000 den chuid is mó ná nach bhfuair an Roinn na fáltais ó dhíol beairice, a tharla in 2021, go dtí 2022.

**10 Stórtha barrachais a dhíol**

*Meastachán €100,000; réadaithe €203,000*

Tháinig an barrachas €103,000 chun cinn mar gheall ar thrádáil feithiclí mar thoradh ar uasghrádú flít.

**11 Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí do phearsanra ar iasacht**

*Meastachán €50,000; réadaithe €182,000*

Tharla an barrachas €132,000 mar gheall ar uainiú na bhfáltas le haghaidh iasachtaí.

**12 Ilchineálach**

*Meastachán €300,000; réadaithe €869,000*

Tháinig an barrachas €569,000 chun cinn go príomha mar gheall ar fháltais i ndáil le haisíocaíochtaí i leith táillí oideachais agus oiliúna.

**13 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €12.295 milliún; réadaithe €14.036 milliún*

Tháinig an barrachas €1.741 milliún chun cinn toisc go bhfuil sé deacair fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise a mheas go cruinn, go háirithe in Óglaigh na hÉireann i bhfianaise an réimse saincheisteanna a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na ríomhanna, lena n-áirítear méaduithe pá, liostáil, scor, raon liúntas, etc.

**14 Fáltais ó chuntais dhíomhaoine**

*Meastachán €750,000; réadaithe €983,000*

Tháinig barrachas €233,000 chun cinn go príomha toisc gur baineadh úsáid in 2022 as cistiú a formheasadh i bPlean Gníomhaíochta Chiste na gCuntas Díomhaoin agus nárbh fhéidir dul ar aghaidh leis in 2021 mar gheall ar thionchar Covid-19.

## Nóta 5 Soláthar foirne agus luach saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | **8,796** | **9,298** |

### 5.2 Pá

**Luach saothair na foirne uile**

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 427,857 | 417,690 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 235 | 211 |
| Ragobair | 450 | 286 |
| Liúntas sealoibre agus uainchláir | 295 | 271 |
| Liúntais mhíleata agus liúntais eile | 41,215 | 44,945 |
| ÁSPC an Fhostóra | 43,374 | 42,721 |
| **Pá iomlán [a, b]** | **513,426** | **506,124** |

Nótaí

[a] Ní áirítear sna hiomláin fhoriomlána Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann ina bhfuil ceathrar pearsan agus pá iomlán de €316,110. Táirgeann an oifig sin cuntas ar leith.

[b] Seasann an pá iomlán d'eilimintí pá fho-mhírchinn A.1, A.3, A.4, A.6 agus A.7.

## 5.3 Státseirbhísigh

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| **Coibhéisí lánaimseartha** | | |
| Líon foirne ag deireadh na bliana [a] | **379** | **370** |

Nóta [a] Tá ceithre duine dhéag de na pearsana sin leabaithe in aonaid Óglaigh na hÉireann agus tá siad fostaithe go lánaimseartha chun tacaíocht a chur ar fáil do na haonaid sin.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 20,325 | 19,407 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 159 | 122 |
| Liúntais eile | 65 | 52 |
| Ragobair | 139 | 61 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,381 | 1,263 |
| **Pá iomlán** | **22,069** | **20,905** |

## Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2022** | **2021** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 14 | 8 | 22,755 | 22,002 |
| Liúntais eile | 12 | 1 | 12,660 | 9,248 |
| Ragobair | 57 | 2 | 12,388 | 8,930 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 10 | 4 | 27,612 | 24,700 |

## 5.4 Fostaithe sibhialtacha

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| **Coibhéisí lánaimseartha** | | |
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **414** | **440** |

| | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 17,566 | 17,349 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 76 | 89 |
| Ragobair | 311 | 225 |
| Liúntais sealoibre agus uainchláir | 295 | 271 |
| Liúntas ama taistil | 415 | 421 |
| Liúntais uirlisí agus liúntais eile | 228 | 213 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,868 | 1,839 |
| **Pá iomlán** | **20,759** | **20,407** |

### Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 54 | — | 8,967 | 8,853 |
| Ragobair | 127 | 3 | 17,616 | 9,304 |
| Liúntais sealoibre agus uainchláir | 43 | 4 | 14,680 | 14,821 |
| Liúntas ama taistil | 56 | 18 | 13,964 | 13,335 |
| Liúntais uirlisí agus liúntais eile | 246 | — | 3,235 | 3,235 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 161 | 37 | 27,869 | 27,995 |

## 5.5 Buan-Óglaigh (lena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus Séiplíneacht)

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| **Coibhéisí lánaimseartha** | | |
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **8,003** | **8,488** |

| | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá agus liúntas le haghaidh seirbhís mhíleata | 389,966 | 380,934 |
| Liúntais thar lear | 21,270 | 20,934 |
| Liúntais le haghaidh dualgas slándála | 12,550 | 17,230 |
| Liúntas le haghaidh dualgas ar an teorainn | 1,849 | 2,042 |
| Liúntas le haghaidh dualgas patróil | 2,253 | 1,663 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 2,585 | 2,390 |
| ÁSPC an Fhostóra | 40,125 | 39,619 |
| **Pá iomlán** | **470,598** | **464,812** |

### Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
| Liúntais thar lear | 1,913 | 1,035 | 41,263 | 42,950 |
| Liúntais le haghaidh dualgas slándála | 6,846 | 49 | 22,592 | 20,551 |
| Liúntas le haghaidh dualgas ar an teorainn | 417 | — | 9,984 | 26,384 |
| Liúntas le haghaidh dualgas patróil | 556 | 19 | 11,311 | 12,435 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 841 | 102 | 13,815 | 10,974 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 2,788 | 1,121 | 38,865 | 37,995 |

## 5.6 Soláthar foirne de réir banda pá

Is mar a leanas atá líon na bhfostaithe a raibh a sochair iomlána fostaí (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; agus gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 aníos.

| Bandaí pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2022** | **2021** |
| 20,000 | 59,999 | 7,645 | 8,100 |
| 60,000 | 69,999 | 501 | 383 |
| 70,000 | 79,999 | 285 | 313 |
| 80,000 | 89,999 | 228 | 197 |
| 90,000 | 99,999 | 117 | 93 |
| 100,000 | 109,999 | 68 | 48 |
| 110,000 | 119,999 | 38 | 25 |
| 120,000 | 129,999 | 21 | 18 |
| 130,000 | 139,999 | 13 | 7 |
| 140,000 | 149,999 | 10 | 3 |
| 150,000 | 159,999 | 3 | 3 |
| 160,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | 1 | 1 |
| 210,000 | 219,999 | 2 | 1 |

## 5.7 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €1,157,009 ar an iomlán le 35 phearsa scortha Óglaigh na hÉireann a raibh pinsin Óglaigh na hÉireann á bhfáil acu, idir €174 agus €76,451, agus a athfhostaíodh chun dualgais éagsúla a dhéanamh le linn 2022. Anuas air sin, íocadh €65,245, ar an iomlán, idir €600 agus €7,200, le 22 fhostaí scortha de chuid na seirbhíse poiblí a raibh pinsin seirbhíse poiblí a bhfáil acu agus a athfhostaíodh chun dualgais éagsúla a dhéanamh le linn 2022. Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le pearsanra ar scor i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 5.8 Foireann ar iasacht

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €378,044 maidir le ceathrar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2022 ar fad nó ar feadh cuid di agus nár fhorchúitigh an Roinn a dtuarastail.

Ní áirítear leis an gcuntas seo caiteachas maidir le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2022 ar fad nó ar feadh cuid di in oifig eile Rialtais ar íoc an oifig ina raibh sé ag fónamh a thuarastal.

## 5.9 Ró-íocaíochtaí párolla

| Ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| Líon na bhfaighteoirí | 129 | 106 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 28 | 24 |
| | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 168,477 | 171,872 |
| Luach na bpleananna aisghabhála | 43,072 | 56,769 |

Níor aistríodh aon ró-íocaíocht ón Roinn Cosanta chuig aon roinn/oifig eile in 2022.

## 5.10 Cóir leighis

Cuireadh seirbhísí othair chónaithigh agus othair sheachtraigh ar fáil do phearsana liostáilte agus dá gcleithiúnaithe in ospidéil phoiblí gan an táille reachtúil a chur i bhfeidhm.

## 5.11 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní dhearnadh aon scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta in 2022.

## 5.12 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair incháinithe an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Bunphá | 212 | 200 |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse áirithe thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina comhalta den scéim pinsin seirbhíse poiblí aonair agus ní théann a teidlíochtaí i ndáil leis sin thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Misin thar lear

Áirítear sa chuntas seo na suimeanna a léirítear thíos i ndáil le luach saothair an phearsanra mhíleata atá ag fónamh le hoibríochtaí tacaíochta síochána na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh agus le heagraíochtaí éagsúla, mar aon le costais taistil agus chothaithe agus iompair:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Misin NA agus AE** | | |
| UNIFIL (an Liobáin) | 33,672 | 32,084 |
| UNDOF (Arda Golan) | 12,758 | 13,088 |
| KFOR (an Chosaiv) | 1,519 | 1,420 |
| EUFOR (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) | 682 | 589 |
| Misin eile NA agus AE | 5,457 | 5,423 |
| | 54,088 | 52,604 |
| **Eile** | | |
| Ionadaithe míleata agus comhairleoirí míleata | 2,661 | 2,653 |
| Cathghrúpa na Gearmáine | — | 314 |
| Cathghrúpa AE | 76 | — |
| An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip | 261 | 247 |
| Oibríochtaí sa Mheánmhuir (cuardach agus tarrtháil) | 334 | 658 |
| FCSÉ i gCabúl | 3 | 21 |
| **Iomlán** | **57,423** | **56,497** |

As an tsuim €54.1 milliún a sonraíodh do mhisin NA agus AE, baineann €6.4 milliún le misin a n-íocann an Stát as a gcostais iomlána. Baineann an fuílleach €47.7 milliún le UNIFIL, UNDOF agus MINUSMA (Mailí), a ndearnadh socruithe i ndáil leo leis na Náisiúin Aontaithe agus Fórsaí Armtha na Gearmáine go ndéanfaí costais áirithe a aisíoc. Braitheann uainiú na n-aisíocaíochtaí ó na Náisiúin Aontaithe ar thosca éagsúla, lena n-áirítear an cistiú atá ar fáil don eagraíocht sin.

Ba í an tsuim a fuarthas trí leithreasaí-i-gcabhair in 2022 ná €14 mhilliún, ina raibh suim €7.2 milliún le haghaidh costais phearsanra agus suim €6.8 milliún le haghaidh costais trealaimh. Ba é €3.5 milliún an tsuim a bhí le híoc go fóill ag an deireadh bliana (costais phearsanra €1.8 milliún agus costais trealaimh €1.7 milliún).

## 6.2 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| Coimisiún cuspóra sheasta | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí deireadh 2022 | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| An Coimisiún um Óglaigh na hÉireann[a] | 2020 | 468 | 110 | 358 |
| An Grúpa Athbhreithnithe Neamhspleách ar Cheisteanna Dínite agus Comhionannais in Óglaigh na hÉireann [b] | 2022 | 697 | 697 | — |
| | | | **807** | **358** |

Note [a] Bunaíodh an Coimisiún um Óglaigh na hÉireann i mí na Nollag 2020 agus thuairiscigh sé i mí Feabhra 2022. Áiríodh lena théarmaí tagartha breithniú a dhéanamh ar chumais chuí, struchtúir chuí agus foireann chuí don Arm, don Aerchór, don tSeirbhís Chabhlaigh agus do na hÓglaigh Chúltaca.

[b] Bunaíodh an Grúpa Athbhreithnithe Neamhspleách ar Cheisteanna Dínite agus Comhionannais in Óglaigh na hÉireann i mí Eanáir 2022 agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Tánaiste an 2 Feabhra 2023.

## 6.3 Tacaíocht do chumainn ionadaíocha Óglaigh na hÉireann

Áirítear sa chuntas seo €537,780 san iomlán i leith luach saothair pearsanra míleata a tugadh ar iasacht do chomhlachais ionadaíocha agus i leith costais riaracháin ghaolmhara áirithe.

## 6.4 Suimeanna a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Damáiste d’fheithiclí míleata | 1 | 49 |
| Díscríobh fiachais | 28 | 38 |
| | **29** | **87** |

## 6.5 Calaois agus calaois amhrasta

| | Líon na gcásanna | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|---|
| Calaois amhrasta/neamhrialtacht | — | — | 33 |
| | | **—** | **33** |

Níor cuireadh an Roinn ar an eolas faoi aon chásanna calaoise amhrasta /neamhrialtachta le linn 2022 (2021: dhá cheann).

## 6.6 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh uathu seo | | | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fostaithe | | Daoine den phobal | | 2022 | 2021 |
| | Díobhálacha pearsanta | Sárú ar acmhainní daonna/ar bheartais fostaíochta | Díobhálacha pearsanta | Eile | | |
| Líon na gcásanna | 263 | 117 | 16 | 15 | 411 | 423 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne í féin | 1,002 | 133 | 25 | — | 1,160 | 958 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/thar ceann na Roinne | | | | | | |
| Cúiteamh | 2,886 | 380 | 21 | 32 | 3,319 | 2,873 |
| Costais dlí | 978 | 407 | 57 | — | 1,442 | 1,622 |
| Costais eile | 278 | 9 | 9 | 1 | 297 | 181 |
| **Iomlán 2022** | **5,144** | **929** | **112** | **33** | **6,218** | **5,634** |
| Iomlán 2021 | 4,515 | 890 | 229 | — | 5,634 | |

Nóta Ag an 31 Nollaig 2022, bhí 495 éileamh le réiteach (2021: 521 éileamh).

**Costais charnacha na gcásanna a tugadh chun críche in 2022**

| | Éilimh uathu seo | | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | Fostaithe | | Daoine den phobal | | |
| | **Díobhálacha pearsanta** | **Sárú ar acmhainní daonna/ar bheartais fostaíochta** | **Díobhálacha pearsanta** | **Eile** | |
| Líon na gcásanna | 73 | — | 10 | 20 | 103 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne í féin | 360 | — | 26 | — | 386 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/thar ceann na Roinne | | | | | |
| Cúiteamh | 2,188 | — | 55 | 32 | 2,275 |
| Costais dlí | 955 | — | 37 | — | 992 |
| Costais eile | 107 | — | 11 | 2 | 120 |
| **Iomlán** | **3,610** | — | **129** | **34** | **3,773** |

## 6.7 Eadráin agus idir-réiteach

In 2022, tabhaíodh costais €8,500 (2021: €7,389) i ndáil le cúig chás eadrána agus idir-réitigh (2021: trí chás).

## Aguisín A Sceideal talún agus foirgneamh

### 1. Dílsithe don Aire Cosanta

| Réadmhaoin | Achar (heicteár) [a] |
|---|---|
| **An Clár** | |
| Campa Chnoc an Lisín | 51.24 |
| **Corcaigh** | |
| Dún Uí Mhurchú, Baile an Chollaigh | 0.89 |
| Dún Uí Choileáin, Corcaigh | 24.22 |
| Cuid de Pháirc an Champa, Dún Uí Choileáin | — |
| An tSeanbheairic agus an Reilig, Mainistir Fhear Maí | 3.98 |
| Campa Mhic Gearailt, Mainistir Fhear Maí | 0.40 |
| Áitreabh RDF, Cill Chrócháin | 0.40 |
| Plásóg Chuimhneacháin Mhichíl Uí Choileáin, Béal na Bláth | 0.004 |
| Áitreabh RDF, an Sciobairín | 0.20 |
| Áitreabh RDF, Mala | 0.03 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Aeradróm Mhic Easmuinn, Baile Dhónaill, lena n-áirítear ionad cóireála camrais ar thalamh in aice láimhe | 276.93 |
| Asplanád, Dún Uí Choileáin | 0.20 |
| Suíomh ag Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8 | 0.26 |
| **Gaillimh** | |
| Raon Raidhfilí Órán Mór | 216.10 |
| Soláthar uisce Bun na dTobar go Raon Órán Mór | — |
| Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh | 29.95 |
| **Ciarraí** | |
| Dún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí | 6.07 |
| Dún na Sionainne, Tairbeart | 0.81 |
| Áitreabh RDF, Cill Orglan | 0.10 |
| **Cill Dara** | |
| Campa agus Tailte an Churraigh | 1,968.12 |
| Tailte an Churraigh - Seachbhóthar Chill Dara | — |
| Uimhreacha 2, 78 agus 96 Páirc an Úlloird, an Currach | 0.06 |
| Dún Mhic Aodha, Cill Dara | 1.99 |
| Tailte ag an Ráth Dhubh, an Currach | 14.37 |
| **Cill Chainnigh** | |
| Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh | 5.67 |

| Réadmhaoin | Achar (heicteár) [a] |
| --- | --- |
| **Lú** | |
| Raon Raidhfilí an Sciobóil Dheirg, Dún Dealgan | 5.46 |
| **An Mhí** | |
| Campa agus Aeradróm Bhaile Mhic Gormáin | 105.62 |
| Áitreabh RDF, An Uaimh | 0.20 |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Iar-Dhún Mhíleata, Biorra | 0.20 |
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, Carna | 114.53 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Raon Raidhfilí, Cill Chuaráin | 5.46 |
| **Port Láirge** | |
| Dún Míleata, Port Láirge | 0.28 |
| **An Iarmhí** | |
| Dún Mhic Coluim, an Muileann gCearr | 9.61 |
| Dún Chostúim, Baile Átha Luain | 5.26 |
| Tailte Gharraí na Féile, Baile Átha Luain | 5.97 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Raon Airtléire Ghleann Ó Máil | 2,698.85 |
| Campa agus Tailte Chúil Mhuine | 97.53 |
| Teach agus Tailte Charraig Bhré, Bré | 1.38 |
| Post Maor Raoin, an Seisceann | 0.40 |

Nóta [a] Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na réadmhaoine.

## 2. Dílsithe don Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

| **Réadmhaoin** | **Achar (heicteár) [a]** |
|---|---|
| **An Clár** | |
| Áitreabh RDF, Inis | 0.10 |
| **Corcaigh** | |
| Campa agus Raon Chill Uird | 1,377.55 |
| Cuid de Champa Chill Uird chun seirbhísí bóthair a sholáthar do TII | 10.69 |
| An tOileán Mór | 91.05 |
| Bunáit Cabhlaigh, Inis Sionnach | 33.99 |
| Dún an Dáibhisigh, an Geata Bán | 22.04 |
| Dún Theampall Bríde, Bun an Tábhairne | 14.97 |
| Piara Furious, Baile Chaisleáin Bhéarra | — |
| Piara tuirlingthe, an Cóbh | — |
| **Dún na nGall** | |
| Campa Fhionnabhair, Bun Dobhráin | 337.01 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Dún Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6 | 18.62 |
| Uimhreacha 17-28, Árasáin Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6 | 0.27 |
| Dún Mhic Aoidh, Ascaill an Chiardhuibh, Baile Átha Cliath 7 | 18.21 |
| 64 Páirc Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath 7 | 0.02 |
| Ospidéal Naomh Bricin, Baile Átha Cliath 7 | 3.24 |
| Teach na Seanscoile, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7 | — |
| 2 Cúirt Thomhair, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7 | 0.01 |
| **Laois** | |
| Áitreabh RDF, Port Laoise | 0.03 |
| **Luimneach** | |
| Dún an tSáirséalaigh, Luimneach | 5.99 |
| **Lú** | |
| Dún Mhic Aogáin, Dún Dealgan | 7.28 |
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, Cuisle | 56.25 |
| Dún Míleata, Mainistir na Búille | 0.20 |

| **Réadmhaoin** | **Achar (heicteár) [a]** |
|---|---|
| **Tiobraid Árann** | |
| Dún Míleata, an tAonach | 1.20 |
| Cuid de Dhún Mhic Canna, an Teampall Mór | 0.16 |
| **Loch Garman** | |
| Dún Míleata, Loch Garman | 0.40 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Campa agus Raon Raidhfilí Chill Bhríde | 636.98 |

Nóta [a] Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na réadmhaoine.

## Aguisín B Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Cosanta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2023, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais dheireanacha a ndearnadh iniúchadh orthu agus an dáta a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht/Ciste Roinne | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | An dáta a fuair an tAire/ an Roinn í | An dáta a cuireadh i láthair an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann | 2021 | 5 Meán Fómhair 2022 | 7 Meán Fómhair 2022 | 12 Meán Fómhair 2022 |
| Bord Ceaintín Óglaigh na hÉireann | 2021 | 28 Aibreán 2022 | 19 Bealtaine 2022 | 27 Bealtaine 2022 |